

Geall ó Ultaibh ag éinfhior

[Greene, David: *Duanaire Mhéig Uidhir*, Dublin, 1972, poem 24]

Iolland Ó Domhnallán .cc.

1 Geall ó Ulltaibh ag énfher  
derbh le sgolaibh a sgaoiledh;  
ferr ná deimhin a dhéinémh  
- beiridh éinfher geall Gaoidhel.

2 Fer is ullmha um dhuais deoradh  
tar Ullta suas ag síneadh,  
geall a aicme 'gun éinfher  
ceann tréinfher maicne Míleadh.

3 Cú Chulaind aicme Uidhir  
gobhal fhulaing an einigh;  
ón chuid as fherr d'fhéin Oiligh  
geall oinigh gan béim beiridh.

4 Cú Chondacht na mbert mbaoghail  
fer ós Ultaibh do éirigh;  
ar dáil duas riamh dá-ríribh  
sínidh suas tar Fhiadh nÉimhir.

5 Geall riaghla an oirir Ultaigh  
don choinsi ó chliaraibh cleachtair;  
damh ré sa ghleo nach gontair  
moltair leo é mar Eachtair.

6 Fer sin gan obadh éinfhir  
do-bheir d'ollamh a iarraidh;  
ní sealbh do a mar dá mhaoinibh  
sgaoilidh so a chradh ar chliaraibh.

7 Crand cumhra fa chlú n-einigh  
crand súd as umhla d'fhillidh;  
cur rú ní hé nárbh omhain  
do fholaigh sé clú a chinidh.

8 Cú Chonnacht uadh fa áirimh  
clú na consa suas sínidh;  
a chlú 's gach aird gan fhiadhail  
cú fiadhaigh aird dár-íribh.

9 Rí Éirne an oinigh inríogh  
choisgios éigsi dá n-ainmhian;  
éscá lán é fa imrádh

ré imlán dámh do dhaighriar.

10 Riaghail ar crodh nír chonnaimh  
bladh ó chliaruibh gur chendaigh;  
geall clú ó chách 'gun Chollfhuil  
a dtráth bronnaigh cnú cengail.

11 Do-chuaidh a dteisd gach taoibhe  
dob uair do bhreith an bháire;  
do sháraigh sé gníomh Guaire  
gidh é as nuaidhe ag díol dáimhe.

12 Mág Uidhir fa chlú a chinidh  
a cclú uile gur fholaigh;  
ar díol cliar 'gan am n-einigh  
beiridh barr ó Fhiadh Oiligh.

13 Cú Chonnacht re díol dáimhe  
rí 'gan ghoradh a ghruaidhe;  
cuirfidh Síol cCuind re chéile  
céile ríogh ó Thuinn Tuaidhe.

14 Fan ccoinsi ar gach taobh tarra  
in dá fhuilsi as caor chomhdha;  
gan cor rú ag ríoghaibh Emhna  
fionfhuil Fherghna is crú Connla.

15 Ré lán mur a fhréimh reimhe  
da gach dáimh is léim lighe;  
ar ndáil a chruidh uaidh uile  
ní buille sguir fuair file.

16 Béim duas ní fhoghar orthaibh  
an Chollfhuil suas dá sirthir;  
bac ar chléir fa Chlár Cobhthaich  
'na thrágh torchair féin fillfidh.

17 Ferr sa chách iarsma an einigh  
fa a n-iartar do dháimh dhuilidh;  
gá dóigh cruidh as fherr d'fhillidh ?  
geall gach cinidh d'fhuil Uidhir.

18 Fir Mhanach tar Fhéin Emhna  
fada re cléir do chomhdha,  
gan cur rú um cheand a ccabhra  
geall na Banbha ac crú Chonnla.

19 Sgél cosmhail ar cheann nGaoidhel  
nach docair lem do léghadh;

cóir tós na sgél do sgaoiledh  
sgél d'aoinfher fós nár féghadh.

20 Cond Cédchathach crann cumhra  
Conn énrógha Clann cConnla;  
ré lán do bhaoi ós Banbha  
tarla a lán craoi ar cholbha.

21 Cland fhial do chin ón choinsin  
cá fir mur iad fán amsir  
cland iad fa só iná sinsir  
mó ccindsil iad fán aimsin.

22 Tuitid dias aca a nUlltaibh  
falta budh cian 'na ccionntaibh,  
cland Chuind fa trén a dtendtaibh  
dá én d'ealltain fhuinn Fhiondtain.

23 Sgél rér chrithnaigh cland Chonnla  
in bássa Crionda is Connla;  
nír thráth dá mbuing don Bhanbha  
croind abhla ar chách fa chomhdha.

24 Nó gur éirigh Art Aoinfher  
Éire sa nglas[s]a a ngábhadh,  
sgél gan ghaoi an sgél dar sgaoiledh  
trén Gaoidheal do bhí a mbádhudh.

25 Sgél eile fa séd samhail  
ar écc na deissi is doilidh,  
gar léun riamh da gach roghain,  
ní sgél folaidh d'Fhiadh Fhuinidh.

26 Cland MhégUidhir fháid Emhna  
tuitid a dtráth a ccobhra,  
brath leannán do bhaoi ac Banbha,  
sgeallán n-abhla Craoi Connla.

27 Bás Seaáin is díth Donnchaidh  
gach nemhágh dá bhfríth falchaidh;  
cur re a clú and ní fhoghtair  
crú Cobhthaigh an tann taghtair.

28 Ruc orra dol ón dubhadh  
fuil Cholla ar ndol a ndeighfhear,  
néll bróin do bhaoi dá mbranar  
glanadh faoi dóibh a dheireadh.

29 Do-ní aoinfher a n-ionadh

ren faoilteach críoch na cCuradh;  
cia an rí budh cóir 'na chomhar ?  
- rí do toghadh d'fhóir Uladh.

30 Cú Chonnacht mur Art Aoinfhear  
chosnas a bhladh 'na bheoghal;  
fer a ghníomh ná hiarr d'aoinfher  
Gaidhel fial re díol deoradh.

31 Mág Uidhir ceand a chinidh  
ar cách uile as teand dtabhaigh;  
geall ré fhréimh é mur oighir  
ré oinigh mur ghréin glanaidh.

32 Síntear ar gníomh re Guaire,  
fíorshreabh re díol gach dáimhe;  
sriobh nach dtrágh re gal gréine  
lán dá fhéile Magh Máine.

33 Mac Siobhán riamh 'na roghain  
fíodhfhás na ccliar do chabhair;  
triall riamh ac dáimh 'na dheaghaidh  
dleaghair triall co tráigh dtaraidh.

34 A chéile caraid Manchaigh  
samhail fhéile ní fhoghthair;  
re teacht sgol ad dháil dearbhthair  
geabhthair cor tráigh dtorchair.

35 Do chlú cheilios clú Guaire  
clú le mbeirthior gach báire,  
lór ar cách do bhéin béime  
béim féile an tráth is táire.

36 Cliar fa dheithbheir ad dheaghaidh  
do dheightheisd ó chiaidh cuiridh;  
ní do locht ar Fhiadh nOilidh  
cliar dhoilidh ort do fhuirigh.

37 Tú is orra re diol dáimhe  
gníomh dá nochtar co naoidhe;  
ar a cclú ní buain béime  
do-chuaidh fhéile ós Crú Craoidhe.

38 Fear re ccuirthi ar clú a ccianaibh  
tar clú Ultach do éirigh;  
diol cliar as fhearr dá fhéchain  
béraidh geall ó Fhiadh Éimhir.

39 Bladh a nUlltaibh dá fhoghail  
Ulltaigh as [a] ccrodh cuiridh;  
trom an t-oire d'Fhiadh Oiligh  
riar oinigh fhoile hUidhir.

40 Ré lán ó moltar Manchaigh  
clár na troda do thimchuil;  
do cheil sé clú Ó cCobhthaigh,  
toghtar é tar chrú Criomhthain.

41 Dámh deoradh nach d'iath Oiligh  
an chliar dá n-eolus anaidh;  
don chuairt tuc fa Fhád Fhuinidh  
Mág Uidhir rug do raghain.

42 D'fhuil Uidhir ní lón longa  
ar ól ní chuirid cuma;  
sgáth re a dhíol ní fhuil orra  
foil Cholla d'fhíon is urra.

43 Clú 'na aice ní fhoghair  
ar clú a aicme nír fhuirigh;  
cia an clú oile nár fholaidh ?  
- clú oinidh fhoile hUidhir.

44 Táin fírbheach nach dóigh Danar  
ar mínleach áigh do hoiledh;  
caor shlóigh fa ceann na ccuradh  
d'fhóir Uladh na reann roigheal.